



2018/0356(NLE)

13.9.2019

DRÉACHT-TUAIRIM

ón gCoiste um Fhorbairt

chuig an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shóisialach Vítneam
(06050/2019 – C9-0023/2019 – 2018/0356(NLE))

Rapóirtéir don tuairim: Tomas Tobé

RÉASÚNÚ GEARR

Leis na deiceanna de bhlianta, rannchuidigh AE agus a Bhallstáit le forbairt Vítneam, ina lán dá earnálacha agus ina réigiún agus cúigí éagsúla. Thar na blianta, chonaic an tír ceann de na rátaí fáis is tapúla i dtíortha ASEAN (Comhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas) agus dá bhrí sin, is páirtí é a éiríonn níos tarraingtí i gcónaí don Eoraip agus réigiúin eile den domhan. Dar leis an gCoimisiún bhí meánráta fáis OTI de thart ar 6 % i Vítneam idir 2000 agus 2014.

Is é comhaontú Vítneam an comhaontú saorthrádála is uailmhianaí agus is cuimsithí a thug AE i gcrích le tír mheánioncaim riamh. Dá bhrí sin, is tagarmharc nua é sa chaidreamh atá ag an Eoraip le geilleagair atá ag teacht chun cinn. Ní hamháin go gcuirfidh sé deireadh le hos cionn 99 % de dhleachtanna custaim ar earraí, ach osclóidh sé margaí seirbhísí Vítneam do chuideachtaí AE. De réir figiúirí ón gCoimisiún Eorpach, d'fhéadfadh an comhaontú saorthrádála borradh suas le 15 % de OTI a chur faoi gheilleagar Vítneam, le ráta fáis os cionn aon trian ar onnmhairí ó Vítneam go dtí an Eoraip.

Sprioc dheiridh AE san Áise Thoir Theas is ea comhaontú saorthrádála réigiún le réigiún a bhaint amach le gach ceann de na deich dtír ASEAN; céim thábhachtach chuige sin a bheadh san idirbheart le Vítneam (an dara páirtí trádála is mó sa réigiún atá ag AE).

Tá sé mar aidhm leis an gcomhaontú forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn ar an dá thaobh. Áirítear leis sin gealltanais chun bunchearta daoine ag an obair, a gcearta daonna i gcoitinne agus an comhshaol a chosaint. Tá sé mar aidhm leis freisin tacú le hiarrachtaí Vítneam a gheilleagar a fhás agus a fhorbairt chun leasa mhuintir Vítneam uile.

Mar fhreagairt ar chearta saothair agus inní chomhshaoil maidir le Vítneam, áirítear sa chomhaontú saorthrádála gealltanais chun bunchaighdeáin na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair a chur chun feidhme (mar shampla, maidir leis an tsaoirse chun clárú le ceardchumainn neamhspleácha agus maidir leis an saothar leanaí a chosc) agus coinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe (mar shampla, maidir leis an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide nó cosaint na bithéagsúlachta).

In ainneoin na leasanna eacnamaíocha a bhaineann le comhaontú saorthrádála le Vítneam, tá drogall ar go leor geallsealbhóirí de bharr inní faoi chearta an duine. Níl athrú polaitiúil i Vítneam ag tarlú chomh tapa céanna leis an bhforbairt eacnamaíoch. Is stát aon pháirtí é an tír i gcónaí, áit nach nglactar le haon easaontú. Tá na meáin faoi dhaoirse ar bhonn níos measa ná cuid mhaith do thíortha eile (sa 175ú háit as 180 tír i Innéacs Shaoirse Dhomhanda an Phreasa 2018 ag Tuairisceoirí gan Teorainneacha).

In ainneoin na himní thuasluaite maidir le cearta an duine, tá an Rapóirteir den tuairim gur chun leasa AE agus Vítneam araon é tabhairt i gcrích an chomhaontaithe saorthrádála. Sa chomhthéacs sin, molann an Rapóirteir go dtabharfaí toiliú don chomhaontú.

Iarrann an Coiste um Fhorbairt ar an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta, mar an coiste atá freagrach, a mholadh go dtabharfadh an Pharlaimint a toiliú don togra maidir leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shóisialach Vítneam a thabhairt i gcrích (INTA/8/14829); (2018/0356(NLE)).